2024/2571

27.9.2024

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/2571 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Iúil 2024

lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1157 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle tríd an fhaisnéis a leagan síos atá le soláthar sa deimhniú lena ndeimhnítear tabhairt i gcrích oibríochta aisghabhála eatramhaí nó neamheatramhaí ina dhiaidh sin nó oibríochta diúscartha eatramhaí nó neamheatramhaí ina dhiaidh sin

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1157 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le loingsithe dramhaíola, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1257/2013 agus (AE) 2020/1056 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 ([1]), agus go háirithe Airteagal 15(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos le Rialachán (AE) 2024/1157 an nós imeachta um réamhfhógra agus réamhthoiliú le haghaidh loingsithe dramhaíola áirithe, lena n-áirítear chuig oibríochtaí aisghabhála eatramhaí nó diúscartha eatramhaí.

(2) Tá forálacha sonracha in Airteagal 15 den Rialachán sin a bhaineann le loingsithe dramhaíola chuig oibríochtaí aisghabhála eatramhaí agus diúscartha eatramhaí. Maidir leis na saoráidí a dhéanann oibríochtaí eatramhacha den sórt sin, tá na saoráidí a dhéanann próisis cóireála dramhaíola ina dhiaidh sin, idir próisis eatramhacha agus neamheatramhacha, lena gcur ar an eolas, go ndearna na saoráidí ina dhiaidh sin na próisis ar tugadh an dramhaíl chucu lena n-aghaidh. Tá an dearbhú sin le déanamh i bhfoirm deimhnithe, deimhniú ar cheart do na saoráidí a rinne an próiseas cóireála dramhaíola ina dhiaidh sin é a eisiúint. Trí bhíthin an deimhnithe sin, tá na saoráidí sin le deimhniú gur tugadh i gcrích oibríocht aisghabhála eatramhaí nó neamheatramhaí nó oibríocht diúscartha eatramhaí nó neamheatramhaí ina dhiaidh sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo an deimhniú lena ndeimhnítear tabhairt i gcrích oibríochta aisghabhála eatramhaí nó neamheatramhaí nó oibríochta diúscartha eatramhaí nó neamheatramhaí ina dhiaidh sin i gcomhréir le hAirteagal 15(5) de Rialachán (AE) 2024/1157.

2. Leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo na treoracha sonracha maidir leis an deimhniú a leagtar amach in Iarscríbhinn I a líonadh isteach.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L, 2024/1157, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1157/oj.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Iúil 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Faisnéis atá le soláthar i ndeimhniú lena ndeimhnítear tabhairt i gcrích oibríochta aisghabhála eatramhaí nó neamheatramhaí ina dhiaidh sin nó oibríochta diúscartha eatramhaí nó neamheatramhaí ina dhiaidh sin i gcomhréir le hAirteagal 15(5) de Rialachán (AE) 2024/1157

Deimhniú lena ndeimhnítear tabhairt i gcrích oibríochta aisghabhála eatramhaí nó neamheatramhaí nó oibríochta diúscartha eatramhaí nó neamheatramhaí ina dhiaidh sin i gcomhréir le hAirteagal 15(5) de Rialachán (AE) 2024/1157

<table>
<tr><td>1. Deimhniú a chomhfhreagraíonn d'fhógra Uimh:</td><td>2. Comhfhreagrach do shraithuimhreacha gluaisteachta (1):</td></tr>
<tr><td>3. Saoráid: (léirigh mar is infheidhme)
☐ Eatramhach
☐ Neamheatramhach

☐ □ saoráid diúscartha
☐ □ saoráid aisghabhála

Uimh. Chlárúcháin:
Ainm:
Seoladh:
Duine teagmhála:
Teil.
Ríomhphost:</td><td>4. Sainaithint dramhaíola(cuir isteach na cóid ábhartha):

(i). Iarscríbhinn VIII Basel (nó Iarscríbhinn IX más infheidhme):
(ii). ECFE (más difriúil ó (i)):
(iii). Iarscríbhinní IIIA nó IIIB, más infheidhme
(iv). liosta dramhaíolacha an Aontais (2):
(v). Cód náisiúnta na tíre allmhairiúcháin (3):
(vi). Eile (sonraigh):</td></tr>
<tr><td>5. Cainníocht a fuarthas:
Dáta(í):
Tonaí (Mg):
m³:</td><td>6. Ainmniú agus comhdhéanamh na dramhaíola a fuarthas (4):</td></tr>
<tr><td colspan="2">7. Cainníochtaí a cóireáladh</td></tr>
<tr><td colspan="2">Cainníocht a ullmhaíodh lena hathúsáid nó lena hathchúrsáil: Tonaí (Mg): m³: R-chód:
Cainníocht a aisghabhadh ar bhealach eile: Tonaí (Mg): m³: R-chód:
Cainníocht a diúscraíodh: Tonaí (Mg): m³: D-chód:</td></tr>
<tr><td colspan="2">8. Deimhním go bhfuil an fhaisnéis i ranna 3-7 iomlán agus ceart ar feadh m'eolais agus go ndearna an tsaoráid aisghabháil/diúscairt na dramhaíola dá dtugtar tuairisc uirthi thuas:

Ainm:

Dáta:

Síniú:</td></tr>
</table>

(1) Le líonadh isteach trí na huimhreacha ó bhosca 2 den doiciméad gluaisteachta a lua, mar a leagtar síos in Iarscríbhinn IB a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1157.
(2) Le líonadh isteach i gcás loingsithe laistigh den Aontas agus i gcás allmhairiúcháin isteach san Aontas ó thríú tíortha.
(3) Le líonadh isteach i gcás onnmhairiúcháin ón Aontas chuig tríú tíortha agus i gcás idirthurais tríd an Aontas ó thríú tíortha agus chuig tríú tíortha.
(4) Ceangail sonraí más gá.

IARSCRÍBHINN II

Treoracha maidir leis an deimhniú a líonadh isteach i gcomhréir le hAirteagal 15(5) de Rialachán (AE) 2024/1157

1. Líonfaidh an tsaoráid eatramhach dá dtagraítear in Airteagal 15(3) de Rialachán (AE) 2024/1157 ranna 1 agus 2 den deimhniú agus iarrfaidh sí ar an tsaoráid aisghabhála eatramhaí nó neamheatramhaí nó ar an tsaoráid diúscartha eatramhaí nó neamheatramhaí ina dhiaidh sin dá dtagraítear in Airteagal 15(5) den Rialachán sin ('saoráid ina dhiaidh sin') an chuid eile den deimhniú a líonadh isteach agus a chur isteach.

2. Comhlíonfaidh gach saoráid ina dhiaidh sin ranna 3 go 8 den deimhniú.

3. Comhlíonfar ranna 1 agus 2 le huimhreacha an doiciméid fógra chomhfhreagraigh agus na ndoiciméad gluaisteachta comhfhreagrach faoinar tháinig an dramhaíl chuig an tsaoráid eatramhach dá dtagraítear in Airteagal 15(3) de Rialachán (AE) 2024/1157.

4. Is éard atá i roinn 3 an fhaisnéis faoin tsaoráid ina dhiaidh sin.

5. Tagraíonn ranna 4, 5 agus 6 don ionchur isteach sa tsaoráid ina dhiaidh sin.

6. Tagraíonn roinn 4 don ionchur isteach sa tsaoráid ina dhiaidh sin. Chun an dramhaíl a shainaithint, sonrófar an cód lena n-aithnítear an dramhaíl mar a liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1157 nó, i gcás inarb infheidhme, de réir Iarscríbhinní III, IIIA nó IIIB den Rialachán sin. Tabharfar an cód de réir an chórais a glacadh faoi Choinbhinsiún Basel (faoi fhotheideal (i)) nó, i gcás inarb infheidhme, de réir an chórais a glacadh sa Chinneadh ó ECFE (faoi fhotheideal (ii)), Iarscríbhinní IIIA nó IIIB (faoi fhotheideal (iii)), de réir an liosta dramhaíola a leagtar síos de bhun Airteagal 7 de Threoir 2008/98/CE (faoi fhotheideal (iv)), de réir córas sa tír allmhairiúcháin (faoi fhotheideal (v)), nó de réir córais ábhartha aicmithe eile (faoi fhotheideal (vi)). I gcás loingsithe laistigh den Aontas, i gcás ar bith soláthrófar cód nó cóid de réir an liosta dramhaíola a leagtar síos de bhun Airteagal 7 de Threoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

7. Líonfar isteach roinn 5 tríd an dáta/na dátaí a fuair an tsaoráid ina dhiaidh sin an dramhaíl a chur isteach, mar aon leis an gcainníocht i dtonaí (Mg) nó, i gcás inarb ábhartha, toirt na dramhaíola a fuair an tsaoráid sin in m^3.

8. I roinn 6, soláthrófar tuairisc níos mionsonraithe ar an dramhaíl a fuair an tsaoráid ina dhiaidh sin i gcomparáid leis an tuairisc a thugtar i roinn 4, ar tuairisc níos ginearálta í.

9. Tagraíonn roinn 7 do thabhairt i gcrích na cóireála ag an tsaoráid ina dhiaidh sin a shonraítear i roinn 3. Sonrófar cainníocht nó, i gcás inarb ábhartha, toirt na dramhaíola a aisghabhadh nó a diúscraíodh, mar aon le R-chód agus D-chód na n-oibríochtaí a rinneadh.

10. I roinn 8, deimhneoidh an tsaoráid ina dhiaidh sin a shonraítear i roinn 3 go bhfuil an fhaisnéis uile a sholáthraítear i ranna 3 go 7 iomlán agus ceart, agus gur aisghabh nó gur dhiúscair sí an dramhaíl ar a dtugtar tuairisc sa deimhniú.

([1]) Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2008/98/oj).